Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 29 Deireadh Fómhair 2024
(OR. en)**

**13663/1/24
REV 1**

**Comhad Idirinstitiúideach:
2024/0229(NLE)**

**POLCOM 251
UD 189
COLAC 102**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2)/An Chomhairle |
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste um Thrádáil arna bhunú leis an gComhaontú Trádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus an Cholóim, Peiriú, Eacuadór, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le modhnuithe ar Aguisíní 2, 2A agus 5 d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gComhaontú<br>– Glacadh |

1. An 19 Meán Fómhair 2024, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle togra le haghaidh an Chinnidh thuasluaite ón gComhairle (13662/24 + ADD 1).

2. An 26 Meán Fómhair 2024, scrúdaigh an Coiste um an mBeartas Trádála (Ionadaithe) an togra agus d'fhormhuinigh sé é, lena n-áirítear roinnt coigeartuithe riachtanacha.

3. I bhfianaise an mhéid thuas, agus faoi réir dearbhú ó Choiste na mBuanionadaithe, iarrtar ar an gComhairle an méid seo a leanas a dhéanamh:

   – an Cinneadh ón gComhairle a ghlacadh mar a chuir na saineolaithe dlí agus teanga bailchríoch air agus mar a leagtar amach in 13664/24 + ADD 1 + ADD 1 REV 1 (es) é;

- a chinneadh go n-ordófar an Cinneadh ón gCoiste um Thrádáil idir an tAontas agus an Cholóim/Peiriú/Eacuadór, mar a leagtar amach in 13664/24 ADD 1 + ADD 1 REV 1 (es) é, a fhoilsiú, a luaithe a ghlacfar é, in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh;*

- a thabhairt dá haire go gcuirfear Parlaimint na hEorpa ar an eolas i gcomhréir le hAirteagal 218(10) CFAE, agus go ndéanfar an Cinneadh ón gComhairle a tharchur chuig an bParlaimint; agus

- an ráiteas atá san aguisín a ghabhann leis an nóta seo a thabhairt dá haire.